Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education

Irish

Assessment Unit AS 2
(Section A)

assessing

Listening

[SIR21]

Assessment

TRANSCRIPT

GCE Recording Instructions

 Indicates track break

Each piece heard once only

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education
Irish New Specification, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1 Chuir Rialtas na Fraince dlí úr i bhfeidhm an tseachtain seo. Cuireann an dlí úr cosc ar ghutháin chliste, ar uaireadóirí cliste agus ar tháibléid i mbunscoileanna agus i meánscoileanna ar fud na tíre. Is iad na páistí faoi bhun cúig bliana déag d'aois atá i gceist leis an chosc úr. Dúirt Aire Oideachais na Fraince go n-imreodh an cosc úr dea-thionchar ar iompar na bpáistí sa tseomra ranga.

Léiríonn suirbhé a rinneadh i dTuaisceart Éireann go bhfuil ochtó faoin chéad de na tuismitheoirí a ceistíodh i bhfách lena leithéid de dhlí abhus anseo. Is cosúil go bhfuil múinteoirí i dTuaisceart Éireann ag iarraidh ar an rialtas cosc a chur ar na gutháin chliste le tamall anuas. Deir na múinteoirí go mbíonn na páistí ag úsáid na nguthán cliste le linn na gceachtanna. Bíonn siad ag seoladh téacsanna chuig a chéile agus cuireann seo isteach go mór ar fhoghlaim na bpáistí. Deir siad fosta gurb í an tromaíocht an fhadhb is mó leis na gutháin chliste agus go bhfuil sé iontach deacair do pháiste díriú ar an obair scoile má tá duine ag déanamh tromaíochta air.

De réir taighde a rinneadh, is cosúil go bhfuil guthán cliste ag seachtó a dó faoin chéad de na páistí i rang a seacht i dTuaisceart Éireann. Dúirt urlabhraí thar ceann na gcomhlachtaí gutháin, áfach, go bhfuil tuismitheoirí ann ar mhaith leo go mbeadh guthán cliste ag a bpáistí. Dúirt sé go dtugann sé suaimhneas intinne don tuismitheoir agus go bhfuil deiseanna iontacha ag na páistí aipeanna éagsúla a úsáid le cur lena bhfoghlaim.

Rinneadh iarracht cosc a chur ar na gutháin chliste i Meiriceá sa bhliain dhá mhíle agus a cúig déag ach theip air nuair a rinne tuismitheoirí gearán nach dtiocfadh leo coinneáil i dteagmháil lena bpáistí. Níor glacadh aon chinneadh go fóill maidir le cosc i scoileanna i dTuaisceart Éireann.

Source: Examiner

2 Tá Sorcha sé bliana déag d'aois agus cónaíonn sí taobh amuigh de chathair Dhoire. Éiríonn sí gach maidin i rith na seachtaine ar leath i ndiaidh a sé. Is tiománaí leoraí é a hathair agus caitheann seisean cuid mhór ama ag tiomáint ar an mhór-roinn. Bhuail stróc máthair Shorcha anuraidh agus ciallaíonn sé sin nach bhfuil sí ábalta obair tí ar bith a dhéanamh. Nuair a éiríonn Sorcha ar maidin téann sí isteach i seomra leapa a máthar le bheith cinnte de go bhfuil sí ceart go leor. Tugann sí piollaí agus leigheas di agus déanann sí réidh bricfeasta di agus cuidíonn sí léi é a ithe.

Ina dhiaidh sin cuireann sí a beirt deirfiúracha ina suí, cuidíonn sí leo déanamh réidh don scoil agus déanann sí bricfeasta dóibh. Fágann sí na deirfiúracha ar scoil agus téann sí féin ar aghaidh chuig an scoil áitiúil. Is girseach dhíograiseach chineálta í Sorcha agus amach anseo ba mhaith léi céim a bhaint amach sa Bhainistíocht Fáilteachais.

Tá Sorcha ag déanamh staidéir ar an tSocheolaíocht, ar Chúram Sláinte agus Sóisialta agus ar an Bhainistíocht Fáilteachais ar scoil. Taitníonn ábhair léi a bhfuil obair chúrsa agus obair phraiticiúil bainteach leo. Nuair a thagann Sorcha abhaile ón scoil déanann sí réidh an dinnéar don teaghlach ar fad agus déanann sí a hobair bhaile. Ina dhiaidh sin glacann Sorcha a máthair amach ar siúlóid ina cathaoir rotha. Ní thig leis an mháthair siúl anois ó bhuail stróc í.

Thosaigh Sorcha a fhoghlaim tiomána roinnt seachtainí ó shin agus tá sí ag dúil leis an teaghlach a thabhairt amach sa charr nuair a gheobhaidh sí a céadúnas. Is duine as an ghnáth í Sorcha, dar lena máthair agus chuir sise a hainm chun tosaigh do dhuais speisialta.

Source: Examiner

This is the end of the recording.